Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12337/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0236(NLE)**

**ECOFIN 1080**
**UEM 390**
**FIN 1146**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 15 Nollaig 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 15 Nollaig 2022**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Ungáir an plean náisiúnta téarnamh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 11 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 15 Nollaig 2022, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3] agus an 10 Iúil 2026[4].

(2) An 25 Iúil 2026, rinne an Ungáir iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún moladh a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach go páirteach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an Ungáir.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir an Ungáir isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 36 bheart.

---

2 Féach doiciméid ST 15447/22 agus ST 15447/22 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

3 Féach doiciméid ST 15964/23 REV 1, ST 15964/23 REV 2 (bg) agus ST 15964/23 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

4 Féach doiciméid ST 10914/26 agus ST 10914/26 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Ungáir nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh toisc nach féidir an infheistíocht a thabhairt chun críche laistigh de thráthchlár na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Baineann sé sin le hinfheistíocht 2 (Tacú le hoideachas mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu) de chomhchuid 1 (Déimeagrafaíocht agus oideachas poiblí). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ungáir go mbainfí an beart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Ungáir go bhfuil 35 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cur chun feidhme Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: infheistíocht 1 (Oideachas poiblí iomaíoch a fhorbairt trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht an 21ú haois), athchóiriú 2 (Tarraingteacht ghairm na múinteoireachta a mhéadú) agus infheistíocht 3 (Bonneagar scoile a nuachóiriú) de chomhchuid 1 (Déimeagrafaíocht agus oideachas poiblí); infheistíocht 1 (Nuálaíocht institiúideach san ardoideachas), infheistíocht 2 (Digiteáil agus nuachóiriú an bhonneagair ardoideachais) agus infheistíocht 3 (Bonneagar gairmoideachais agus gairmoiliúna don 21ú haois) de chomhchuid 2 (Lucht saothair ardcháilithe, iomaíoch); infheistíocht 1 (Táirgeadh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite i lonnaíochtaí faoi mhíbhuntáiste), infheistíocht 2 (Fostaíocht agus forbairt scileanna a chur chun cinn bunaithe ar shainiúlachtaí áitiúla) agus infheistíocht 3 (Oideolaíocht atá dírithe ar an bpobal) de chomhchuid 3 (Lonnaíochtaí a bhreith suas); athchóiriú 1 (Feasacht a ardú – uisce) agus infheistíocht 1 (Cosaint an dúlra) de chomhchuid 4 (Bainistiú uisce agus an geilleagar ciorclach); infheistíocht 3 (Busiompar atá saor ó astaíochtaí a fhorbairt), infheistíocht 6 (Borradh a chur faoi ghlacadh feithiclí leictreacha) agus athchóiriú 2 (Athchóiriú ar sheirbhísí iarnróid san Ungáir) de chomhchuid 5 (Iompar glas inbhuanaithe);

athchóiriú 1 (Rialacháin leictreachais a chlaochlú), athchóiriú 3 (Dlús a chur le nascadh tionscadal fuinnimh in-athnuaite leis an eangach), infheistíocht 1 (Forbairt ar eangaí clasaiceacha cliste d'oibreoir córais tarchurtha agus d'oibreoirí córais dáileacháin), infheistíocht 3 (Saoráidí stórála fuinnimh eangaí a shuiteáil), infheistíocht 4 (Méadrú cliste a scaipeadh) agus infheistíocht 5 (Infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh phoiblí) de chomhchuid 6 (Fuinneamh – an t-aistriú glas); infheistíocht 3 (Cúram sláinte príomhúil a fhorbairt) de chomhchuid 7 (Sláinte); athchóiriú 4 (Nós imeachta sonrach a thabhairt isteach i gcás coireanna speisialta a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí nó le bainistiú maoine poiblí ('athbhreithniú breithiúnach')), athchóiriú 11 (An Córas um Sholáthar Poiblí Leictreonach a fhorbairt chun trédhearcacht a mhéadú), athchóiriú 18 (Leasuithe reachtacha lena neartaítear na sáraí bainistíochta, faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe chun úsáid fhónta thacaíocht an Aontais a ráthú), athchóiriú 20 (Córas Arachne le haghaidh thacaíocht an Aontais), athchóiriú 21 (Stiúrthóireacht um Iniúchóireacht Inmheánach agus Sláine a bhunú chun rialú coinbhleachtaí leasa a threisiú agus tacaíocht ón Aontas á cur chun feidhme), athchóiriú 26 (Feabhas a chur ar cháilíocht na reachtóireachta agus ar rannpháirtíocht éifeachtach páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe sóisialta sa chinnteoireacht) agus athchóiriú 31 (An córas cánach a shimpliú tríd an líon cánacha a laghdú) de chomhchuid 8 (Rialachas agus riarachán poiblí); athchóiriú 3 (Ról na gcomhbhailitheoirí a neartú), athchóiriú 5 (Na margaí cúlchistí rialála a oscailt chun iomaíocht a spreagadh), athchóiriú 6 (Pobail fuinnimh a leathnú) agus athchóiriú 8 (Leasú/Leasuithe ar ghníomh/ghníomhartha dlí maidir le fuinneamh geoiteirmeach) de chomhchuid 9 (REPowerEU), athchóiriú 1 (Athchóiriú rialachais ar Magyar Fejlesztési Bank) agus infheistíocht 1 (Instealladh caipitil i Magyar Fejlesztési Bank (MFB)) de chomhchuid 10 (An timpeallacht ghnó) agus infheistíocht 1 (Ríomhsheirbhísí rialtais) de chomhchuid 11 (Nuálaíocht dhigiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ungáir go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 a leasú dá réir.

(6) Tar éis an íslithe ar leibhéal chur chun feidhme birt amháin, d'iarr an Ungáir, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, na hacmhainní a úsáid a saoradh leis an ísliú ar leibhéal a chur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme birt amháin a ardú. Baineann sé sin le hinfheistíocht 2 (Tacaíocht d'úsáid painéal gréine cónaithe agus nuachóiriú téimh) de chomhchuid 6 (Fuinneamh – an t-aistriú glas). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ungáir leibhéal cur chun feidhme birt amháin a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 a leasú dá réir.

***Ceartúcháin ar earráidí cléireachais***

(7) Sainaithníodh trí earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022, lena ndéantar difear do thrí chloch mhíle agus do thrí bheart faoi chomhchuid amháin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 9 Meitheamh 2026, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Ungáir. Baineann na hearráidí cléireachais sin le cloch mhíle 61 d'athchóiriú 5 (Leasú ar rialacha a bhaineann le dearbhuithe sócmhainní), cloch mhíle 65 d'athchóiriú 9 (Sciar na nósanna imeachta soláthair phoiblí tairisceana aonair a laghdú) agus cloch mhíle 77 d'athchóiriú 19 (Straitéis frithchalaoise agus frithéillithe maidir le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme, a iniúchadh agus a rialú) faoi chomhpháirt 8 (Rialachas agus riarachán poiblí). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(8) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Ungáir chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(10) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 53,08 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe agus 100 % de chostas iomlán measta na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíochta leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021-2030.

(11) Leanann plean na hUngáire de bheith ag rannchuidiú go mór leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, trí thacaíocht a sholáthar do chur in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus stórála fuinnimh, do nuachóiriú líonraí tarchurtha, do bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, do leictriú iompair agus d'idirghabhálacha maidir le maolú ar an athrú aeráide agus coinneáil uisce. Le méadú infheistíocht 2 (Tacaíocht d'úsáid painéal gréine cónaithe agus nuachóiriú téimh) de chomhchuid 6 (Fuinneamh – an t-aistriú glas), méadaíodh uaillmhian aeráide an phlean a thuilleadh. Dá bhrí sin, leanann an plean leasaithe den chritéar sin a chomhlíonadh.

***Measúnú dearfach***

(12) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá i dtaca le cur chun feidhme an phlean leasaithe a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha agus an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i gcomhair chur chun feidhme an phlean leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(13) Is é EUR 10 000 000 000 méid chostas iomlán measta phlean leasaithe na hUngáire. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ungáir, an ranníocaíocht airgeadais arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean leasaithe na hUngáire, ba cheart gurb é EUR 6 511 661 435 an ranníocaíocht sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Ungáir.

*Iasachtaí*

(14) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a chuirtear ar fáil don Ungáir dar luach EUR 3 488 338 565.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 a ionadú go hiomlán.

---

5 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

(16) Tá an Cinneadh seo gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hUngáire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an Ungáir.

Arna dhéanamh in/sa … , …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*